

N11/M11 Junction 4 to Junction 14 Improvement Scheme – Public Consultation No.2

Scéim um Fheabhsú Acomhal 4 go hAcomhal 14 an N11/M11 – Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2

Wicklow County Council in conjunction with Dún Laoghaire – Rathdown County Council and Transport Infrastructure Ireland (TII) are progressing the development of the N11/M11 Junction 4 to Junction 14 Improvement Scheme. The project is being managed by Kildare National Roads Office with Arup appointed as lead consultant to advance the project through the planning and design process.

The purpose of this public consultation is to inform the public of the transportation options which have been developed to date to address the problems identified, the constraints identified to date and the programme for advancement of the project.

Public consultation forms an important part of advancing the design process and allows for the involvement of the public in developing the Emerging Preferred Option. In order to afford an opportunity for the public to be fully informed and to raise questions, concerns and comments for future consideration, a public consultation event will be held with details as follows:

Date	Time	Venue
Tuesday 12th November 2019	12.00pm - 8.00pm	The Glenview Hotel, Glen of the Downs, Co. Wicklow, A63 DC95

At the public consultation event, drawings of the developed options and known constraints will be on display. All information displayed at the event will subsequently be published on the project website (www.m11n11.ie).

The N11/M11 Project Team values the opinion of the community on this project and welcome comment from the public and interested parties. Staff from Wicklow County Council, Kildare National Roads Office and Arup will be available to answer questions on the day.

For further information please see: www.m11n11.ie or contact us as follows:

Phone: 086 7901803 or 0404 20181

Email: n11m11@arup.com

Tá forbairt Scéim um Fheabhsú Acomhal 4 go hAcomhal 14 an N11/M11 á cur chun cinn ag Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin (BIÉ). Tá an tionscadal á bhainistiú ag Oifig Bóithre Náisiúnta Chill Dara agus tá Arup ceaptha mar an bpríomh-shainchomhairleach chun an tionscadal a chur chun cinn go dtí an próiseas pleanála agus deartha.

Is é is cuspóir leis an gcomhairliúchán poiblí an pobal a chur ar an eolas faoi na roghanna iompair a forbraíodh go dtí seo chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainithníodh, na srianta a sainithníodh go dtí seo agus an clár chun an tionscadal a chur chun cinn.

Tá comhairliúchán poiblí ina chuid thábhachtach den phróiseas deartha a chur chun cinn agus is féidir leis an bpobal páirt a ghlacadh sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar tríd. Chun deis a thabhairt don phobal a bheith ar an eolas go hiomlán agus ceisteanna, ábhair inní agus tráchtanna lena mbreithniú amach anseo a ardú, tionólfar imeacht comhairliúcháin phoiblí agus is iad seo a leanas na sonraí:

Dáta	Am	Ionad
Dé Máirt, 12 Samhain 2019	12.00pm - 8.00pm	Óstán Glenview, Gleann Dá Ghrua, Co. Chill Mhantáin, A63 DC95

Ag an imeacht comhairliúcháin phoiblí, beidh líníochtaí de na roghanna forbartha agus na srianta aithnide ar taispeáint. Déanfar an fhaisnéis ar fad a bheidh ar taispeáint ag an imeacht a fhoilsiú ina dhiaidh sin ar an suíomh gréasáin (www.m11n11.ie).

Is luachmhar d’Fhoireann Tionscadail an N11/M11 tuairim an phobail maidir leis an tionscadal seo agus cuireann siad fáilte roimh thráchtanna ón bpobal agus ó pháirtithe ar suim leo é. Beidh baill foirne ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Oifig Bóithre Náisiúnta Chill Dara agus Arup ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt ar an lá.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach: www.m11n11.ie nó déan teagmháil linn faoi mar a leanas:

Teileafón: 086 7901803 nó 0404 20181, Ríomhphost: n11m11@arup.com



An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport



ARUP